# Cuntas Leithreasa 2018

## Vóta 17

## An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Réamhrá

Mar Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17. Ní mór dom an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain a chríochnaigh ar 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir olltoradh an chaiteachais agus na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don mbliain, agus
- a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair caipitil i 2018 as leithreasaí 2017 nár caitheadh, faoi na socruithe géilliúna iarchurtha a bhunaigh alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €1.175 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 ina gcuid den chuntas.

## Ról an Bhoird

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapachái Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. Forálann sé do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse, agus do bhord a cheapadh ina mbíonn ocht mball seachtrach mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio. Baineann feidhmeanna reachtúla an Bhoird, i gcomparáid le feidhmeanna an Bhoird Stáit go traidisiúnta, níos mó le comhairle a thabhairt. Go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don bPríomhfheidhmeannach. Go ghinerálta, cuimsíonn siad

- ionadaíocht a dhéanamh ar leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach chun cinn
- monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a chur ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna athbhreithnithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le comórtais earcaíochta agus arduithe céime, agus aon chóid chleachtais chuí a eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

## Ráiteas faoi Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta chun Cuntais Leithreasa a sholáthar, mar a leagtar síos in Imlitir 24 de 2018 de chuid na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaí airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim le mo fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais ar fáil agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach agus ní go daingean go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh i gceart iad, agus go gcosctar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach an córas um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

Tá mo dhualgais maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun seirbhísí chomhroinnte (.i. acmhainní daonna agus párolla) a sholáthar comhlíonta agam.

Tá mé ag brath ar litir ghealltanais ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is mar a leanas atá maidir leis an réimse rialaithe airgeadais, an creat i dtaca le nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm:

- Tá freagrachtaí airgeadais leithroinnte ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir.
- Tá socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal curtha ar bun inar leithroinneadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá taifeadadh déanta ar nósanna imeachta do na phríomh-phróisis ghnó go léir.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas de tharmligean agus de chuntasacht. San áireamh tá na heilimintí seo

- tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TFC slán
- tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na

dtreoirlínte ábhartha ar fad. Ba ghá trí chonradh gníomhach le linn 2018 le caiteachas de €244,692 (gan CBL a áireamh) a chur in iúl ar an tuairisceán bliantúil 40/02 chuig an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Baineann conradh amháin le caiteachas I 2018 de €150,337 le seirbhísí tacaíochta agus ceadúnaithe bogearraí áit nach bhfuil ach soláthróir oiriúnach aonair ann. Ní comhlíonann an dá chonradh eile le rialacha soláthair.

Maidir leis an conarthaí neamhchomhlíontacha, baineann ceann acu le glantachán ar Áras na Caibidle (€72,105) agus bhíothas tar éis cinneadh a chur siar i 2017 ar thairiscint nua a fháil ag fanacht ar chinneadh ó Oifig na nOibreacha Poiblí ar stádais an ionaid san fhadtéarma. Eisíodh iarratas ar thairiscint i leith na seirbhíse seo mí Lúnasa 2019. Baineann an dara ceann (€22,250) le síneadh ama a cuireadh le conradh thar an data críochnaithe bunaidh a raibh súil leis, chun caighdeánú a dhéanamh ar sheirbhísí maidir le próisis ghnó. Chríochnaigh an conradh i 2019.

***Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí san Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil neamhchosaint ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí orthu agus tá na pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomh-rialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tráthrialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh-rioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh le dul i ngleic leo agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí déanta a aithníonn na príomh-rioscaí atá roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus leithroinneann sé feidhmiú rialuithe ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don Bord Bainistíochta, áit is cuí. Dearbhaím go bhfuil príomh-rioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh-rialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Treoraíonn obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus an bhainistíocht shinsearach atá freagrach as an gcreat do rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna i dtaca le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2018 ar gá iad a fhoilsiú sa chuntas leithreasa.

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

13 Meán Fómhair 2019

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2019

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Státseirbhís agus seirbhís phoiblí - Ath-imlonnú/ Earcaíocht/Roghnú | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,598 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 60 | | | |
| | | | 13,658 | 12,558 | 11,757 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,598 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 60 | | | |
| | | | **13,658** | **12,558** | **11,757** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **239** | **314** | **303** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,359 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 60 | | | |
| | | | **13,419** | **12,244** | **11,454** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 1,174,763 | 366,071 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (60,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,174,763** | **306,071** |

**Shirley Comerford**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

13 Meán Fómhair 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | | |
| Pá | | 7,161 | 6,557 |
| Neamhphá | | 5,397 | 5,200 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,558** | **11,757** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **314** | **303** |
| **Caiteachas glan** | | **12,244** | **11,454** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (246) | | |
| Dímheas | 478 | | |
| | | 232 | 224 |
| **Athruithe i nglanshócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú i bhfabhruithe deiridh | (78) | | |
| Laghdú i stoc | 1 | | |
| | | (77) | 274 |
| **Caiteachas díreach** | | **12,399** | **11,952** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchostas do sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,263 | 3,146 |
| **Costas chláir ghlan** | | **15,662** | **15,098** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais iomláin ar sheirbhísí gaoltmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a íompraíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,020 | 869 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,188 | 2,213 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | 10 | 19 |
| | **3,263** | **3,146** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail ar 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 465 | 697 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 337 | 452 |
| Stoic | | 21 | 22 |
| Réamhíocaíochtaí | | 254 | 251 |
| Ioncam fabhraithe | | 84 | 91 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 573 | 67 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 1,269 | 883 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 204 | 286 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 283 | 404 |
| Maoiniú glan don Státchiste atá dlite | 2.6 | 627 | 115 |
| **Glandliteanais reatha** | | 1,114 | 805 |
| **Glanshócmhainní reatha** | | 155 | 78 |
| **Glanshócmhainní** | | **620** | **775** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú an Stáit** | 2.1 | **620** | **775** |

### 2.1 Cuntas maoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 775 | 1,273 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar hheastacháin | Cuntas | 13,419 | | |
| Barraches le géilleadh | Cuntas | (1,175) | | |
| Vóta glan | | | 12,244 | 11,454 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,263 | 3,146 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (15,662) | (15,098) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **620** | **775** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Oifig agus trealamh TF | Troscán agus feistis | Feabhsúchán foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 6,763 | 695 | 691 | 8,149 |
| Breiseanna | 196 | 50 | — | 246 |
| Diúscairtí | (11) | (1) | — | (12) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 6,948 | 744 | 691 | 8,383 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 6,142 | 619 | 691 | 7,452 |
| Dímheas don bhliain | 461 | 17 | — | 478 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (11) | (1) | — | (12) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 6,592 | 635 | 691 | 7,918 |
| **Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **356** | **109** | **—** | **465** |
| Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 621 | 76 | — | 697 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid cuntas PMG | 328 | 431 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc tráchtála eile | 9 | 21 |
| | **337** | **452** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal fionraí | 35 | 33 |
| Réamhíocaíochtaí don OOP | 460 | — |
| Scéim pas taistil in-fhorcúitithe | 77 | 33 |
| Iarmhéideanna míreanna dochair fionraí eile | 1 | 1 |
| | **573** | **67** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 136 | 176 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 75 | 93 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 25 | 26 |
| Cáin Bhreisluacha | 44 | 28 |
| | 281 | 324 |
| Iarmhéideanna sochair fionraí | 2 | 80 |
| | **283** | **404** |

## 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 1,175 | 306 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 60 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (548) | (251) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **627** | **115** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 337 | 452 |
| Iarmhéideanna dochair fionraí | 573 | 67 |
| | 910 | 519 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (281) | (324) |
| Iarmhéideanna sochair fionraí | (2) | (80) |
| | (283) | (404) |
| | **627** | **115** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 162 | 40 |
| **Líon iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **162** | **40** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,398 | 7,161 | 6,557 |
| ii | Taisteal agus cothú | 35 | 24 | 31 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 240 | 279 | 213 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 115 | 102 | 93 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,750 | 1,518 | 1,462 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 250 | 391 | 231 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach | 50 | 58 | 40 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | 910 | 1,231 | 1,167 |
| ix | Costais earcaíochta – boird agallaimh | 1,850 | 1,794 | 1,963 |
| | | **13,598** | **12,558** | **11,757** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá clár amháin ag an Vóta seo maidir le hath-imlonnú, earcaíocht agus roghnúchán státseirbhíse agus seirbhíse poiblí. Baineann iomlán an chaiteachais faoin gclár seo le riarachán. Seo a leanas achoimre ar na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €2.75 milliún, toradh: €1.518 milliún

Bhí soláthar de €750,000 déanta sa mheastachán bunaidh chun uasghrádú a dhéanamh ar an ionad in Áras na Caibidle. Ba cheart é seo a bheith curtha san áireamh sa mheastachán do chostais áitreabh oifige, ar a bhfuil an caiteachas iarbhír ar uasghrádú Áras na Caibidle gearrtha. Den tearc-chaitheamh de €482,000 atá fágtha, bhain €360,000 le moilleanna le tús a chur le “Project Nova” – tionscadal TF chun an córas reatha earcaíochta ar line a athrú. Bhí gá le dhá chomórtas soláthair chun tairiscint oiriúnach a aimsiú agus ba sin cúis na moille.

*vi Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €250,000, toradh: €391,000

Is é an t-uasghrádú ar an ionad in Áras na Caibidle de chuid na hOifige is mó is cúis leis an méadú ar chaiteachas agus ní raibh sin curtha san áireamh sa mheastachán do chostais áitreabh oifige (curtha san áireamh sa mheastachán do fho-mhírcheann *v* - Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha mar atá nótáilte thuas). Tá na hoibreacha seo á ndéanamh ar bhonn céimnithe. Caitheadh iomlán de €234,000 ar oibreacha uasghrádaithe i rith 2018 agus críochnaíodh an t-athchóiriú ar urlár na talún i 2019. Leanfar le hoibreacha uasghrádaithe i 2020.

*viii* *Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil*

Soláthar mheastacháin: €910,000, toradh: €1.231 milliún

Ba é ba chúis leis an ardú caiteachais de €321,000 ar chostais earcaíochta, fógraíochta agus tástála, i gcomparáid le soláthar an mheastacháin, ná go raibh níos mó earcaíochta agus maoinithe dá réir i rith 2018. (I gcomparáid le 2017, tháinig méadú de 26, go 435, ar uimhir na gcomórtas a fógraíodh agus tháinig méadú de 12,501 go 88,111 ar lion na n-iarratas ó iarrthóirí).

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ilchineálach | 25 | 118 | 91 |
| Fáltais ó phinsean - asbhaintí ar luach saothair na seirbhíse poiblí a bhaineann le pinsean | 214 | 196 | 212 |
| **Iomlán** | **239** | **314** | **303** |

## Nóta 5 Soláthar foirne agus luach saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** | 181 | 158 |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,446 | 5,899 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 53 | 54 |
| Ragobair | 97 | 104 |
| ÁSPC an Fhostóra | 565 | 500 |
| **Pá iomlán** | **7,161** | **6,557** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteóirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 1 | 10,174 | 7,962 |
| Ragobair agus freastal breise | 110 | — | 9,074 | 12,595 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 3 | 12,610 | 16,054 |

## 5.4 Táillí íoctha le baill de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

| Ball | Stádas | Earnáil | Caiteachas bliantúil 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ms Fiona Tierney[d] | Ball (Príomhfheidhmeannach) | Státseirbhíseach | — | — |
| Ms Shirley Comerford[a] | Ball (Príomhfheidhmeannach) | Státseirbhíseach | — | — |
| Ms Judith Eve[b] | Cathaoirleach | Earnáil phríobháideach | — | 11,970 |
| Mr Tom Moran[a] | Cathaoirleach | Iar-Státseirbhíseach | 7,821 | — |
| Mr Paul Lemass[c] | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| Dr Eddie Molloy[c] | Ball | Earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Ms Anne Marie Taylor[c] | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Ms Eimear Kenny[b] | Ball | Earnáil phríobháideach | — | 7,695 |
| Ms Oonagh McPhillips[b] | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| Ms Mary Connaughton[a] | Ball | Earnáil phríobháideach | 5,028 | — |
| Mr Damien Mc Callion[b] | Ball | Seirbhíseach poiblí | — | — |
| Mr John O' Callaghan[a] | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| Mr David Cagney[e] | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| Ms Rosarii Mannion[a] | Ball | Seirbhíseach poiblí | — | — |
| **Iomlán** | | | **28,239** | **35,055** |

Nótaí
[a] Ceapadh i 2018
[b] D'éirigh as i 2017
[c] Athcheapadh i 2017
[d] D'éirigh as i 2018
[e] Athcheapadh i 2018